2024/1843

28.6.2024

CINNEADH (CBES) 2024/1843 ÓN gCOMHAIRLE

an 28 Meitheamh 2024

lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/145/CBES ([1]).

(2) Sna conclúidí uaithi an 21 agus an 22 Márta 2024, d'athdhearbhaigh an Chomhairle tacaíocht dhaingean an Aontais Eorpaigh do neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha arna n-aithint go hidirnáisiúnta, agus d'aithin sí ceart bunúsach na hÚcráine í féin a chosaint in aghaidh fhogha na Rúise. Iarrann an Chomhairle Eorpach freisin go ndéanfaí a thuilleadh fós chun cumas na Rúise leanúint dá cogadh foghach a lagú, lena n-áirítear trí na smachtbhannaí a threisiú.

(3) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, is iomchuí bearta sriantacha breise a ghlacadh.

(4) Measann an Chomhairle go háirithe gur cheart beirt dhuine agus 4 eintiteas atá freagrach as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, a chur le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2014/145/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Meitheamh 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

H. LAHBIB

([1]) Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16).

Cuirtear na daoine agus na heintitis seo a leanas le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES:

Daoine

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
‘1824.	Mikhail Rudolfovich KONTSEREV (Михаил Рудольфович КОНЦЕРЕВ)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir PJSC TransContainer Dáta breithe: 11.6.1970 Áit bhreithe: Leningrad, APSS (Cathair Pheadair Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Cáiníocóra: I781400896256	Is é Mikhail Kontserev Ard-Stiúrthóir Cuideachta Comhstoic Poiblí (PJSC) TransContainer. Is cuideachta iompair Rúiseach agus an t-oibreoir coimeádán iarnróid is mó sa Rúis é PJSC TransContainer. Tháinig méadú ar ioncam PJSC Transcontainer le linn 2023 agus thaifead sí méadú ar thrácht idirthurais sa dara leath de 2023, a tharla go príomha mar gheall ar shreabhadh lasta na Bealarúise trí chalafoirt in iarthuaisceart na Rúise. D’aontaigh PJSC TransContainer freisin a seirbhísí a chur ar fáil ag críochfort nua chrios eacnamaíoch speisialta Alabuga. Tá crios eacnamaíoch speisialta Alabuga ag comhoibriú le hAireacht Cosanta agus Lóistíochta Fhórsaí Armtha na hIaráine chun áit tháirgeadh mhuinisean síománaíochta Shahed a aimsiú (is é “Geran” ainm an leagain Rúisigh). Ina theannta sin, glacann PJSC TransContainer páirt i scéimeanna trádála arm neamhdhleathach le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPDC) chun tacú le rialtas na Rúise. In 2023, chonacthas coimeádáin lastais ar le PJSC TransContainer iad ar a mbealach chuig calafort Rajin, DPDC. Chonacthas coimeádáin ó PJSC TransContainer ag Tikhoretsk Ammo Depot, armlann a gcuirtear ar fáil soláthar cineálacha éagsúla armlóin d’fhorsaí armtha na Rúise. Tacaíonn Tikhoretsk Ammo Depot, saoráid stórála straitéiseach atá suite timpeall 400 ciliméadar ón teorainn leis an Úcráin, le saoráidí stórála muinisean oibríochtúla ar son fhorsaí armtha na Rúise atá níos gaire don fhronta san Úcráin. Dá bhrí sin, ina cháil mar Ard-Stiúrthóir PJSC TransContainer, tá Mikhail Kontserev ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	28.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
1825.	Dimitry Aleksandrovich BELOGLAZOV (Дмитрий Александрович БЕЛОГЛАЗОВ)	Feidhm: Duine gnó, úinéir LLC Titul Dáta breithe: 18.2.1968 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Dimitry Beloglazov úinéir LLC Titul (atá lonnaithe sa Rúis) a bhunaigh fochuideachta, Cuideachta Comhstoic (JSC) Iliadis (atá lonnaithe sa Rúis), chun sciar Oleg Deripaska de International LLC "Rasperia Trading Limited" ("Rasperia", atá lonnaithe sa Rúis) a fháil. Tá 28,5 milliún scair ag Rasperia sa chuideachta Eorpach STRABAG SE. Rinneadh na scaireanna sin a reo toisc go raibh Rasperia á rialú ag Oleg Vladimirovich Deripaska, duine atá faoi réir bearta sriantacha. Chomhordaigh Oleg Deripaska scéim chasta imghabhála le Dimitry Beloglazov chun scaireanna reoite STRABAG a dhíol. Chuige sin, bhunaigh cuideachta Beloglazov, LLC Titul, fochuideachta, JSC Iliadis, fochuideachta a fuair sciar Deripaska de Rasperia agus, ar an gcaoi sin, scaireanna reoite STRABAG freisin. Fuair Deripaska tairbhe eacnamaíoch choibhéiseach as díol Rasperia. Bhain Dimitry Beloglazov agus na cuideachtaí lena mbaineann LLC Titul, Iliadis JSC agus Rasperia, úsáid as an scéim sin chun cuideachta nach cuideachta de chuid an Aontais í atá faoi rialú duine liostaithe agus a bhfuil scaireanna reoite de chuid cuideachta de chuid an Aontais ina seilbh aici a dhíol lasmuigh den Aontas chun deireadh a chur le reo na scaireanna sin san Aontas agus chun na críche sin amháin agus, ar an gcaoi sin, dul timpeall ar bhearta sriantacha an Aontais. Dá bhrí sin, tá Dimitry Beloglazov ag éascú sáruithe ar an toirmeasc ar dhul timpeall ar Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.	28.6.2024';

Eintitis

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
‘474.	PJSC TransContainer (ПАО Трансконтейнер)	Seoladh: 141402, Cónaidhm na Rúise, réigiún Mhoscó, Khimki, Leningradskaya st., vld. 39 Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Phoiblí Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 4.3.2006 Uimhir chlárúcháin: 1067746341024 Príomhionad gnó: Khimki, Cónaidhm na Rúise Uimhir Aitheantais Cáiníocóra: 7708591995 Suíomh gréasáin: www.trcont.ru Teil: + 7 495 788 17 17 Ríomhphost: trcont@trcont.com	Is cuideachta iompair Rúiseach agus an t-oibreoir coimeádán iarnróid is mó sa Rúis é PJSC TransContainer. Tháinig méadú ar ioncam PJSC TransContainer le linn 2023 agus thaifead sí méadú ar thrácht idirthurais sa dara leath de 2023, a tharla go príomha mar gheall ar shreabhadh lasta na Bealarúise trí chalafoirt in iarthuaisceart na Rúise. D’aontaigh PJSC Transcontainer freisin a seirbhísí a chur ar fáil ag críochfort nua chrios eacnamaíoch speisialta Alabuga. Tá crios eacnamaíoch speisialta Alabuga ag comhoibriú le hAireacht Cosanta agus Lóistíochta Fhórsaí Armtha na hIaráine chun áit tháirgeadh mhuinisean síománaíochta Shahed a aimsiú (tugtar “Geran” ar an leagan Rúiseach). Ina theannta sin, glacann PJSC TransContainer páirt i scéimeanna trádála arm neamhdhleathach le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPDC) chun tacú le rialtas na Rúise. In 2023 chonacthas coimeádáin lastais ar le PJSC TransContainer iad ar a mbealach chuig calafort Rajin, DPDC. Ina theannta sin, chonacthas coimeádáin ó PJSC TransContainer ag Tikhoretsk Ammo Depot, armlann a gcuirtear ar fáil soláthar cineálacha éagsúla armlóin d’fhorsaí armtha na Rúise. Tacaíonn Tikhoretsk Ammo Depot, saoráid stórála straitéiseach atá suite timpeall 400 ciliméadar ón teorainn leis an Úcráin, le saoráidí stórála muinisean oibríochtúla ar son fhorsaí armtha na Rúise atá níos gaire don fhronta san Úcráin. Dá bhrí sin, tá PJSC TransContainer ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus de chobhsaíocht agus slándáil na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin agus, ina theannta sin, tacaíonn sé go hábhartha le rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	28.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
475.	LLC “TITUL” (ООО “ТИУЛ”)	Seoladh: 123056, Cónaidhm na Rúise, Moscó, ul. Krasina, 7 str. 2, kom. 3 Cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta Áit chlárúcháin: Moscó, Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 23.4.2019 Uimhir chlárúcháin: 1197746281897	Is cuideachta é LLC Titul atá lonnaithe sa Rúis agus atá faoi úinéireacht Dimitry Beloglazov. Fuair a fhochuideachta Cuideachta Comhstoic (JSC) Iliadis (atá lonnaithe sa Rúis) sciar Oleg Deripaska sa International LLC “Rasperia Trading Limited” (“Rasperia”, atá lonnaithe sa Rúis). Tá 28,5 milliún scair ag Rasperia sa chuideachta Eorpach STRABAG SE. Rinneadh na scaireanna sin a reo toisc go raibh Rasperia á rialú ag Oleg Vladimirovich Deripaska, duine atá faoi réir bearta sriantacha. Comhordaíodh bunú fochuideachta de chuid LLC Titul idir Dimitry Beloglazov agus Oleg Deripaska chun scaireanna reoite STRABAG a dhíol. Chuige sin, bhunaigh cuideachta Beloglazov, LLC Titul, fochuideachta, JSC Iliadis, fochuideachta a fuair sciar Deripaska de Rasperia agus, ar an gcaoi sin, scaireanna reoite STRABAG freisin. Fuair Deripaska tairbhe eacnamaíoch choibhéiseach as díol Rasperia. Bhain Dimitry Beloglazov, agus na cuideachtaí lena mbaineann LLC Titul, JSC Iliadis agus Rasperia, úsáid as an scéim chasta sin chun cuideachta nach cuideachta de chuid an Aontais í atá faoi rialú duine liostaithe agus a bhfuil scaireanna reoite de chuid cuideachta de chuid an Aontais ina seilbh aici a dhíol lasmuigh den Aontas chun deireadh a chur le reo na scaireanna sin san Aontas agus chun na críche sin amháin agus, ar an gcaoi sin, dul timpeall ar bhearta sriantacha an Aontais. Dá bhrí sin, tá LLC Titul ag éascú sáruithe ar an toirmeasc ar dhul timpeall ar Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.	28.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
476.	JSC “ILIADIS” (АО “Илиадис”)	Seoladh: 105120, Cónaidhm na Rúise, Moscó, per. 3-i Syromiatnicheskii, 3/9 str. 1 Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Ríomhphost: aoiliadis@rambler.ru Áit chlárúcháin: Moscó, Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 12.7.2023 Uimhir chlárúcháin: 1237700470842	Is cuideachta é JSC Iliadis atá lonnaithe sa Rúis. Bunaíodh é mar fhochuideachta de LLC Titul, cuideachta atá lonnaithe sa Rúis agus atá faoi úinéireacht Dimitry Aleksandrovich Beloglazov, agus fuair sí sciar Oleg Deripaska sa International LLC “Rasperia Trading Limited” (“Rasperia”, atá lonnaithe sa Rúis). Tá 28,5 milliún scair ag Rasperia sa chuideachta Eorpach STRABAG SE. Rinneadh na scaireanna sin a reo, toisc go raibh Rasperia á rialú ag Oleg Deripaska (liostaithe faoi Uimh. 929). Comhordaíodh bunú fochuideachta de chuid JSC Iliadis idir Beloglazov agus Deripaska chun scaireanna reoite STRABAG a dhíol. Chuige sin, bhunaigh cuideachta Beloglazov, OOO Titul, fochuideachta, AO Iliadis, a fuair sciar Deripaska de Rasperia agus, ar an gcaoi sin, scaireanna reoite STRABAG freisin. Fuair Deripaska tairbhe eacnamaíoch choibhéiseach as díol Rasperia, a bhfuil na scaireanna reoite aige. Bhain Beloglazov, agus na cuideachtaí lena mbaineann LLC Titul, JSC Iliadis agus Rasperia, úsáid as an scéim chasta sin chun cuideachta nach cuideachta de chuid an Aontais í atá faoi rialú duine liostaithe agus a bhfuil scaireanna reoite de chuid cuideachta de chuid an Aontais ina seilbh aici a dhíol lasmuigh den Aontas chun deireadh a chur le reo na scaireanna sin san Aontas agus chun na críche sin amháin agus, ar an gcaoi sin, dul timpeall ar bhearta sriantacha an Aontais. Dá bhrí sin, tá Iliadis ag éascú sáruithe ar an toirmeasc ar dhul timpeall ar Rialachán (AE) Uimh 269/2014.	28.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
477.	International LLC “Rasperia Trading Limited” (МКАО “Расперия Трейдинг Лимитед”)	Seoladh: 236006, Region Kaliningrad, Kaliningrad, Solnechny blvd., 25, premisch. A/60 Cineál eintitis: Cuideachtaí faoi Dhliteanas Teoranta Dáta clárúcháin: 20.5.2019 cláraithe mar fhiontar beag agus meánmhéide, 10.7.2023 cláraithe mar fhiontar beag Uimhir chlárúcháin: 1193926007153	Tá 28,5 milliún scair sa chuideachta Eorpach STRABAG SE faoi úinéireacht MKAO “Rasperia Trading Limited” (“Rasperia”, atá lonnaithe sa Rúis). Rinneadh na scaireanna sin a reo, toisc go raibh Rasperia á rialú ag Oleg Vladimirovich Deripaska, duine atá faoi réir bearta sriantacha. Chomhordaigh Oleg Deripaska scéim chasta imghabhála le Dimitry Aleksandrovich Beloglazov chun scaireanna reoite STRABAG a dhíol. Chuige sin, bhunaigh cuideachta Beloglazov, LLC Titul, (atá lonnaithe sa Rúis) fochuideachta, JSC Iliadis (atá lonnaithe sa Rúis), fochuideachta a fuair sciar Deripaska de Rasperia agus, ar an gcaoi sin, scaireanna reoite STRABAG freisin. Fuair Deripaska tairbhe eacnamaíoch choibhéiseach as díol Rasperia. Bhain Beloglazov, agus na cuideachtaí lena mbaineann LLC Titul, JSC Iliadis agus Rasperia, úsáid as an scéim chasta sin chun cuideachta nach cuideachta de chuid an Aontais í atá faoi rialú duine liostaithe agus a bhfuil scaireanna reoite de chuid cuideachta de chuid an Aontais ina seilbh aici a dhíol lasmuigh den Aontas chun deireadh a chur le reo na scaireanna sin san Aontas agus chun na críche sin amháin agus, ar an gcaoi sin, dul timpeall ar bhearta sriantacha an Aontais. Dá bhrí sin, tá Rasperia ag éascú sáruithe ar an toirmeasc ar dhul timpeall ar Rialachán (AE) Uimh 269/2014.	28.6.2024’.